**COMHAIRLE CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH THEAS**

**FÓGRA SUÍMH**

Tá sé ar intinn againne, an Roinn Oideachais,

iarratas a dhéanamh ar

- [x] **Chead**
- [ ] **Chead coinneála**
- [ ] **Chead Imlíne**
- [ ] **Chead tar éis cead imlíne a bheith tugtha (Tag. Clár. )**

chun forbairt a dhéanamh ag an suíomh seo, ar an taobh thoir de Choláiste Pobail na Ciseoige, ag Bealach Thomas Omer, Baile Gadaí, Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath. Tá suíomh an iarratais suite laistigh de Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) Chluain Buiríosa.

Is é a bheidh san fhorbairt ná tógáil bunscoile nua. Beidh achar de c3,355 méadar cearnach sa bhunscoil atá beartaithe agus cuimseoidh sí 16 sheomra ranga chomh maith le hAonad do Riachtanais Speisialta Oideachais ina mbeidh dhá sheomra ranga, Halla Ilchuspóireach agus gach áis agus saoráid chúntach do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Tá soláthar á dhéanamh freisin san fhorbairt atá beartaithe do limistéir chrua agus do limistéir bhoga i gcomhair súgradh, lena n-áirítear dhá chúirt liathróide taobh amuigh, páirceáil do rothair, páirceáil do charranna foirne, limistéir fágála agus thuirlingthe d'fheithiclí. Tá sé beartaithe painéil fhótavoltacha (PV) a chur ar na díonta chomh maith le Pointí Luchtaithe d'fheithiclí leictreacha agus gléasra teasa Bithmhaise pacáistithe. Déantar soláthar san fhorbairt atá beartaithe freisin do gach cóireáil tírdhreacha agus teorann agus do gach obair forbartha ghaolmhar ar an suíomh.

Beidh rochtain ar an suíomh trí acomhal agus bóthar nua ó Bhealach Thomas Omer. Rachaidh an bóthar rochtana nua ó dheas ó Bhealach Thomas Omer agus ansin siar chuig an suíomh. Tá an bóthar rochtana atá beartaithe i gcomhréir leis an Scéim Pleanála do Chrios Forbartha Straitéisí (SDZ) Chluain Buiríosa agus cuimsíonn sé soilsiú poiblí, cosáin agus raonta rothar. Tá sé beartaithe freisin go mbeadh nasc breise do choisithe/rothaithe amháin le Bealach Thomas Omer feadh chonair ghlas an iarthair ar an taobh thiar den fhoirgneamh scoile atá beartaithe.

Féadfar an t-iarratas pleanála a iniúchadh nó a cheannach ag oifigí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Lár an Bhaile, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 le linn uaireanta oscailte poiblí ó Luan go hAoine ó 9:00am go 4:00pm., agus féadfar é a iniúchadh freisin ar shuíomh gréasáin na Comhairle – www.sdcc.ie.

Féadfar aighneacht nó barúil maidir leis an iarratas a chur isteach i scríbhinn chuig Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ach táille €20 a íoc laistigh de chúig seachtaine ón uair a fhaigheann Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas an t-iarratas agus cuirfidh an tÚdarás Pleanála na haighneachtaí nó na tuairimí sin san áireamh nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh aige maidir leis an iarratas. Féadfaidh an tÚdarás Pleanála cead a thabhairt faoi réir coinníollacha nó gan choinníollacha nó féadfaidh sé cead a dhiúltú.

Sínithe: Denis Lenihan

(Gníomhaire)
An tUasal Denis Lenihan
AFEC International
Unit B6 Swords Enterprise Park
Dublin

An dáta ar cuireadh suas an fógra suímh 29th Lúil 2022